


Trén bhFearann Breac

Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha
agus Freagraí Samplacha



Trén bhFearann Breac



Litríocht Bhreise (Ardleibhéal amháin) 40 marc

Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha
Dánta Breise (40 marc)

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin ‘Trén bhFearann Breac’, an dóigh leat?

(20 marc)


(ii) Cad é an mothúchán is mó atá sa dán seo, dar leat? Is leor dhá phointe eolais faoin mothúchán sin. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

(10 marc)

(iii) Céard atá i gceist leis na línte seo:

Ag taisteal dom trén bhfearann breac
téim ón dubh go dtí an geal
ag gluaiseacht ar m’aistear claon
is fiar é an bealach a théim.

(10 marc)



Trén bhFearann Breac



Litríocht Bhreise (Ardleibhéal amháin) 40 marc

Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha
Dánta Breise (40 marc)

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as meafair sa dán ‘Trén bhFearann Breac’.

(20 marc)

(ii) Tá an dán seo scríofa sa chéad phearsa. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat? Is leor dhá phointe eolais. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.


(10 marc)

(iii) Céard atá i gceist leis na línte seo:

Ar an mbóthar idir dhá chathair
go bhfuil dhá ainm ar gach ceann acu
léim na focail ar na comharthaí
táim ag taisteal trén bhfearann breac
is tá dhá ainm ar gach baile ann

(10 marc)

Trén bhFearann Breac



Litríocht Bhreise (Ardleibhéal amháin) 40 marc

Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha
Dánta Breise (40 marc)

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) ‘Baineann an file an-úsáid as logainmneacha sa dán ‘Trén bhFearann Breac’ chun stair íogair na hÉireann a phlé.’ Do thuairim uait faoi sin.
(20 marc)

(ii) Tá athrá le feiceáil ar fud an dáin seo. Cén fáth a mbaineann an file úsáid as an teicníc fhileata sin, an dóigh leat? Is leor dhá phointe eolais.
(10 marc)

(iii) Céard atá i gceist leis na línte seo:

an t-ainm dúchais
sa chló iodálach
claoninsint ar stair na háite,
an t-ainm dúchai
sa chló is lú
faoninsint ag dul ó chlos

(10 marc)

Trén bhFearann Breac



Freagraí Samplacha

Dean plé ar ghné amháin den dán a thaitin leat.

Thaitin úsáid na meafar go mór liom sa dán ‘Trén bhFearann Breac’. Is dán thar a bheith meafarach é an dán seo ina léiríonn an file a thuras teanga, féiniúlachta agus cultúrtha trí mheafair éagsúla. Baineann an file úsáid as meafar na mná don Ghaeilge ‘[n]í labhraíonn sí a thuilleadh liom’, rud a chuireann béim ar an gcaidreamh casta atá aige leis an teanga. Léiríonn an meafar seo go mothaíonn an file go bhfuil a chaidreamh leis an teanga díreach ar nós caidreamh grá le bean atá thuas seal, thíos seal agus lán le castachtaí. Thaitin an meafar sin go mór liom toisc go bhfuil sé pearsanta agus daonna.




Úsáideann an file meafar eile agus é ag caint ar an míshuaimehnas atá air maidir lena áit ina thír dhúchais féin. ‘Níor chuaigh mo phréamhacha síos ach fad áirithe/is táid ag dreo anois cheal taca uaithi.’ Sa mheafar seo, tá an file á chur féin i gcomparáid le crann nó planda nach bhfuil cothaithe agus atá ag fáil bháis le heaspa tacaíochta agus cabhrach. Is meafar an-láidir é sin a thaitin go mór liom.

Trén bhFearann Breac



Freagraí Samplacha

Is aoibhinn liom an meafar a úsáideann an file sa tríú véarsa den chlár fichille agus é ‘teanntaithe’. Tá an turas ‘trén bhfearann breac’ ag dul deacair air, samhlaíonn sé é féin mar a bheadh ‘ridire’ ag gabháil timpeall ach é stopaithe, maolaithe agus gafa ag píosaí eile ar an gclár fichille. Is meafar iad na constaicí sin do dhaoine, do phobail agus d’eagraíochtaí a chuireann srian ar an nGaeilge agus ar phobal na Gaeilge. Ceapaim gur meafar an-oiriúnach é an meafar sin.



Trén bhFearann Breac

Freagraí Samplacha



Conas a mhothaigh tú nuair a léigh tú an dán seo?

Mhúscail an dán seo a lán mothúchán éagsúil ionam ach an mothúchán is mó a musclaíodh ionam ná brón. Bhí an-bhrón orm ó thús an dáin. Is léir go bhfuil an file ag fulaingt toisc nach féidir leis cumarsáid a dhéanamh ina áit dhúhais féin ‘[n]í leabhraíonn sí a thuilleadh liom, an áit seo,/is níl aon bhunaíocht ag mo theanga níos mó inti’. Chuir an íomhá sin brón orm toisc gur aoibhinn liom an Ghaeilge agus ní maith liom nuair a mhothaíonn daoine nach féidir leo a dteanga dhúchais féin a labhairt gan srian.

Bhí brón orm níos faide ar aghaidh sa dán agus mé ag breathnú ar na logainmneacha a luann an file sa dara véarsa. ‘Claonadh – Clane, / Cill Dara – Kildare/, Baile Dháith – Littleton/ Cúil an tSúdaire – Portarlinton’. Mhúscail aistriúcháin shaorga an Bhéarla ar na logainmneacha seo an-bhrón ionam toisc go bhfuil saibhreas agus luach sna logainmneacha ársa Gaeilge agus go bhfuil a mbrí caillte sna haistriúcháin Bhéarla nach bhfuil ciall ná réasún leo. Tá ‘faoninsint’ ar bun agus tá sin brónach.

Ar deireadh, bhí an-bhrón orm nuair a léigh mé deireadh an dáin. Deir an file go mothaíonn sé ar nós go bhfuil sé ag caitheamh a shaol ‘idir dhá shaol’. Níl sé iomlán istigh leis féin ná socair i bpobal amháin. Maireann sé ar an tairseach, idir eatarthu. Tá leathchos aige i ndomhan an Bhéarla agus leathchos aige i ndomhan na Gaeilge. Tá brón an duine faoi scáth an iarchoilíneachais le feiceáil go mór san íomhá dheireanach sin, rud a mhúscail an-bhrón agus trua ionam.

Foghlaim



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Trén bhFearann Breac



Freagraí Samplacha

An dóigh leat go mbaineann an file úsáid mhaith as athrá sa dán seo?

Tá an dán seo breac le hathrá, gné an-spéisiúil agus an-suimiúil den dán a thaitin go mór liom. Tá athrá le feiceáil san fhocal 'idir'. Tá an file 'idir dhá chathair' ar a thuras 'trén bhfearann breac'. Tá macallaí den saol seo idir eatarthu le feiceáil agus an file ag plé cheisteanna an aistriúcháin ar logainmneacha dúchasacha na hÉireann. Mothaíonn an file go bhfuil cultúr dúchasach na tíre brúite faoi chois agus go bhfuil daoine fágtha 'idir dhá shaol' dá bharr.

Cuireann an file an-bhéim ar an athrá sa véarsa deireanach. Ar nós liodáin atá an véarsa seo agus an file ag smaoineamh ar an tairseachúlacht a bhaineann le bheith idir eatarthu i gcónaí:

Idir dhá dhath
idir dhá fhocal
idir dhá ainm
idir dhá aigne
idir dhá áit
idir dhá theanga
a chaithim mo shaol
idir dhá shaol.





Trén bhFearann Breac



Freagraí Samplacha

Tá an file ag iarraidh orainn smaoineamh ar an réamhfhocal seo, ‘idir’, agus na himpleachtaí a bhaineann le bheith sáinnithe agus teanntaithe idir dhá rud. Níl an file compordach leis an riocht ina bhfuil sé, rud a léiríonn an focal ‘idir’ agus athrá an fhocail sin go rímhaith





Idir na Línte

Foghlaim
TG4